Cuntas Leithreasa 2015

# Vóta 29

# Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 29, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin, agus chun deontais áirithe agus chun deontais áirithe a íoc faoi scéimeanna atá teoranta ó thaobh airgid de.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2015, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil in 2015, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2014, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir leis an tsuim a bheidh le tabhairt suas a iarchur.

Dlitear barrachas €9.17 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 7.

## Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, cé is moite de seo a leanas:

***Dímheas***

Déantar mótarfheithiclí a dhímheas thar 5 bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana. Déantar córais saindeartha TF áirithe agus saintrealamh chun suirbhéireacht a dhéanamh ar ghrinneall na farraige a dhímheas thar thréimhse 10 mbliana ar ráta 10% in aghaidh na bliana, cé go ndéantar an trealamh TF nó oifige eile ar fad a dhímheas thar 5 bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a chur ar fáil go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le riachtanais an chomhaontaithe um bainistiú seirbhísí idir an oifig seo agus an Oifig Náisiúnta seirbhísí comhroinnte do sholáthar seirbhíse comhroinnte acmhainní daonna aguspárolla.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte ó thaobh na rialuithe cuí a bheith i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid de:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach. Tá tuairisciú mionsonraithe míosúil don Choiste Bainistithe, ina gcomhcheanglaítear príomhfhaisnéis airgeadais, i bhfeidhm. Ceadaíonn sin bainistiú éifeachtach aschur, ceadaíonn sé éifeachtúlacht agus cinntíonn sé luach airgid.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinníonn lucht bainistíochta sinsearach faoi athbhreithniú.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistíochta sinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- Córas bainistithe riosca atá ag feidhmiú laistigh den Roinn. Seo cuid den phróiseas pleanála gnó do gach rannóg. Is é cuspóir an chórais ná na rioscaí a aithint agus a mheasúnú agus bearta a bhreacrianú leis na rioscaí sin arbh fhéidir go mbeadh ar an Roinn aghaidh a thabhairt orthu a rialú agus a bhainistiú. Déantar athbhreithniú ar an gCóras Bainistithe Riosca ar bhonn leanúnach.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmeálta bainistithe tionscadal
- Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte cé is moite de thrí chonradh ar luach €521,000 a liostaíodh i mo thuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40/2002. Bhain conradh amháin (€52,000) le sainchomhairleoir a thabhairt ar ais chun leanúnachas gnó a chinntiú i dtionscadal mór agus bhain na cinn eile (€469,000) le soláthar leanúnach sainshonraí mapála. Ina theannta sin, bronnadh trí chonradh ar luach is mó ná €5,000 (€22,000, €14,500 agus €6,500) a bhí faoi bhun theorainneacha Chiorclán 40/02 a bhaineann le soláthar seirbhísí sainchomhairleoireachta.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá mé sásta go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Mark Griffin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

23 Márta 2016

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 29 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 29 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 29 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2016

# Vote 29
# Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha
# Cuntas Leithreasa 2015

| | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar don mheastachán | Caiteachas | Caiteachas |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Cumarsáid | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 34,984 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,500) | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,100 | 33,584 | 27,762 | 45,902 |
| B | Craoladh | | 247,645 | 239,282 | 239,533 |
| C | Fuinneamh | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 73,352 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,501 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 3,500 | 79,353 | 75,851 | 86,477 |
| D | Acmhainní Nádúrtha | | | | |
| | *Bunaidh* | 30,910 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,000 | 34,910 | 29,315 | 24,621 |
| E | Iascaigh Intíre | | 27,659 | 27,752 | 28,210 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 414,550 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,001 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 4,600 | **423,151** | **399,962** | **424,743** |
| | *Asbhaint* | | | | |
| F | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 241,417 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,000 | **245,417** | **236,652** | **230,796** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunmhéid* | 173,133 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 4,600 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **177,734** | **163,310** | **193,947** |

**Farasbarr le tabhairt ar ais**

Ní mór an farasbarr a sholáthraítear thar an suim a cuireadh i bhfeidhm á thabhairt ar ais don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 14,423,972 | 9,058,571 |
| Géilleadh iarchurtha | (5,250,000) | (4,600,000) |
| Farasbarr le tabhairt suas | 9,173,972 | 4,458,571 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | **2015** | | **2014** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar don mheastachán** | **Caiteachas** | **Caiteachas** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastal, pá agus liúntais | 17,550 | 15,160 | 14,822 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 583 | 469 | 445 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 757 | 687 | 559 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 529 | 361 | 379 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TE seachtracha | 3,400 | 2,394 | 2,459 |
| vi | Costais foirgnimh oifige | 732 | 666 | 672 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin agus luach ar airgead agus athbhreithniú ar bheartas | 1,895 | 1,822 | 1,829 |
| viii | Fearas, stór agus cothabháil | 246 | 270 | 106 |
| | | 25,692 | 21,829 | 21,271 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2015

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 378,133 | 403,473 |
| Tuarastal | | 15,160 | 14,822 |
| Caiteachas eile | | 6,669 | 6,448 |
| **Ollchaiteachas** | | **399,962** | **424,743** |
| *Asbhaint* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **236,652** | **230,796** |
| **Glanchaiteachas** | | **163,310** | **193,947** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (767) | | |
| Dímheas | 1,584 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 1 | 818 | 1,180 |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgead tirim | | — | — |
| **Athruithe ar Ghlanshóchmhainní Reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe dúnta | 1,258 | | |
| Méadú ar stoc | (6) | | |
| | | 1,252 | (887) |
| **Caiteachas díreach** | | **165,380** | **194,240** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 14,772 | 12,635 |
| Cíosanna barúlacha | | 1,279 | 1,286 |
| **Glanchostas an chláir** | | **181,431** | **208,161** |

#### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas i leith Vóta 29 atá curtha chun dochair áit eile.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 7 Airgeadas | — | 53 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 45 | — |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntas Scoir | 10,587 | 8,588 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 4,066 | 3,931 |
| Vóta 18 Ionad na Seirbhísí Comhroinnte Párolla | 23 | 12 |
| Príomhchiste – Pinsin Airí | 51 | 51 |
| | 14,772 | 12,635 |

## 2 Clár Comhardaithe ar an 31 Nollaig 2015

| | Nóta | 2015 €000 | 2014 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 2,562 | 3,380 |
| | | **2,562** | **3,380** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 15,984 | 11,042 |
| Stoic | 2.4 | 215 | 209 |
| Réamhíocaíochtaí | | 373 | 727 |
| Ioncam fabhraithe | | 500 | 1,704 |
| Iarmhéid dochair eile | 2.5 | 141 | 421 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **17,213** | **14,103** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 699 | 1,100 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 3,087 | 5,010 |
| Glandliteanas don státchiste | 2.7 | 13,038 | 6,453 |
| Ioncam iarchurtha | | 101 | — |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | **16,925** | **12,563** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **288** | **1,540** |
| **Glansócmhainní** | | **2,850** | **4,920** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.1 | **2,850** | **4,920** |

| **2.1 Cuntas Maoinithe Stáit** | **Nóta** | | **2015** | **2014** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | | | 4,920 | 5,240 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar don mheastachán | Cuntas | 177,734 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (5,250) | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (9,174) | | |
| Vóta glan | | | 163,310 | 193,947 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 14,772 | 12,635 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 1,279 | 1,286 |
| Coigeartuithe | | | — | (27) |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (181,431) | (208,161) |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig** | | | **2,850** | **4,920** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Fearas oifige agus TF | Fearas speisialtachta agus feithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costa nó luacháil ar 1 Eanáir 2015 | 859 | 1,226 | 20,547 | 3,965 | 26,597 |
| Breiseanna | — | 6 | 252 | 509 | 767 |
| Diúscairtí | — | (1) | (107) | — | (108) |
| Costa nó luacháil ar 31 Nollaig 2015 | 859 | 1,231 | 20,692 | 4,474 | 27,256 |
| **Dímheas carnach** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2015 | — | 1,164 | 18,636 | 3,417 | 23,217 |
| Dímheas don bhliain | — | 23 | 1,305 | 256 | 1,584 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (1) | (106) | — | (107) |
| Dímheas carnach ar an 31 Nollaig 2015 | — | 1,186 | 19,835 | 3,673 | 24,694 |
| **Glansócmhainní ar an 31 Nollaig 2015** | **859** | **45** | **857** | **801** | **2,562** |
| **Glansócmhainní ar an 31 Nollaig 2014** | **859** | **62** | **1,911** | **548** | **3,380** |

Níl na hiascaigh seo san áireamh i sócmhainní caipitil ach is leis an Aire iad agus tá siad faoi bhainistíocht ag Iascaigh Intíre na hÉireann.

i Gaillimh

ii Abhainn Fhia/Abhainn tSochair, Co Dhún na nGall

Baineann talamh agus foirgnimh le stua siopadóireachtaa bhaineann le Ard-Oifig an Phoist, Sráid Anraí.

Tá leas tairbhiúil ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha i Líonraí Achar Cathrach (MANanna), arbh iad údaráis áitiúla áirithe i gcomhar le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa a chuir maoiniú ar fáil dóibh. Níor aithníodh an leas sin mar shócmhainn sa sáiteas faoi na sócmhainní caipitil.

| **2.3 Banc agus Airgead Tirim** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid an Phámháistir Ghinearálta | 15,981 | 11,042 |
| Iarmhéid an chuntais bainc tráchtála | 3 | — |
| | 15,984 | 11,042 |

| **2.4 Stoic** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Trealamh TF agus páipéarachas | — | 8 |
| Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | 208 | 192 |
| Stáiseanóireacht | 7 | 9 |
| | 215 | 209 |

| **2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Aisíoc ÁSPC dlite ón Stát | — | 1 |
| Fionraí tuarastail | 23 | 299 |
| Eile | 118 | 121 |
| | 141 | 421 |

| **2.6 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Dlite don Stát** | | |
| Cáin Shiarchoinneálach | 550 | 2,077 |
| Cáin Bhreisluacha | 279 | 1,464 |
| Fáltais Státchiste sa Bhreis | — | 8 |
| ÍMAT/ÁSPC | 476 | 335 |
| | 1,305 | 3,884 |
| Fionraí (Seirbhís fhreagartha do ghlaoch éigeandála/Asbhaintí phárolla | 1,782 | 1,126 |
| | 3,087 | 5,010 |

| **2.7 Glandliteanas don Státchiste** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | 9,174 | 4,459 |
| Géilleadh iarchurtha | 5,250 | 4,600 |
| Deontas ón Státchiste gan tarraingt | (1,386) | (2,606) |
| Glandliteanas don Státchiste | 13,038 | 6,453 |
| | | |
| **Léirithe ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 15,984 | 11,042 |
| Iarmhéideanna dochair fionraí | 141 | 420 |
| Dlite ón Stát | — | 1 |
| | 16,125 | 11,463 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,305) | (3,884) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (1,782) | (1,126) |
| | (3,087) | (5,010) |
| | | |
| | 13,038 | 6,453 |

| **2.8 Ceangaltais** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **(a) Ceangaltais dhomhanda** | | |
| | | |
| (i) Fotheidil soláthair a | 669 | 190,367 |
| | 669 | 190,367 |

Tagraíonn figiúr domhanda tiomantais 2015 do thiomantais eile seachas tiomantais chaipitil thar €10,000 ag 31 Nollaig 2015.

**(b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla**

| Tionscadal | Caiteachas aarnach go dtí an 31 Nollaig 2014 €000 | Caiteachas in 2015 €000 | Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin €000 | Caiteachas iomlán tuartha saolré an tionscadail 2015 €000 | Caiteachas iomlán tuartha saolré an tionscadail 2014 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Cláir TFC | 290,487 | 10,582 | 21,606 | 322,675 | 313,212 |
| Forbairtí ilmheán | 38,685 | 6,013 | 9,357 | 54,055 | 56,765 |
| Cláir um fhuinneamh inbhuanaithe | 270,274 | 49,746 | 16,274 | 336,294 | 282,368 |
| Cláir um thaighde ar fhuinneamh | 30,684 | 6,196 | 6,232 | 43,112 | 36,921 |
| Seirbhísí mianadóireachta | 12,128 | 319 | 731 | 13,178 | 15,863 |
| Tionscnaimh geo-eolaíochta | 16,879 | 2,931 | 4,285 | 24,095 | 22,729 |
| An tSuirbhéireacht Náisiúnta ar Ghrinneall na Farraige | 32,653 | 2,973 | 8,000 | 43,626 | 41,653 |
| Tellus | 2,073 | 2,246 | 4,900 | 9,219 | 4,073 |
| Teilifis na Gaelige (TG4) | 8,598 | 920 | 199 | 9,717 | 8,765 |
| | 702,461 | 81,926 | 71,584 | 855,971 | 782,349 |

Ní bhaineann figiúirí caiteachais do 2015 agus do na blianta roimhe sin ach le tionscadail a bhfuil ceangaltais orthu atá ceangailteach ó thaobh an dlí sa todhchaí.

**Athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos sa chás gur tháinig méadú de bhreis ar €500,000 ar ghealltanais ilbhliantúla idir 2014 agus 2015.

| Tionscadal | Méid an mhéadaithe €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Cláir TFC | 9,463 | Tiomantais bhreise mar gheall ar thosú an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda agus bainistiú leanúnach an infrastruchtúir ghaolmhair. |
| Cláir fuinnimh inbhuanaithe | 53,926 | Léiríonn ceangaltais bhreise an costas a bhain leis an gclár a reáchtáil ar feadh bliain bhreise. |
| Cláir um thaighde ar fhuinneamh | 6,191 | Tiomantais bhreise faoi Chiste Forbartha Fréamhshamhla Fuinnimh an Aigéin agus forbairt láithreáin tástála fuinnimh Aigéin AMETS. |
| Tionscnaimh gheo-eolaíochta | 1,366 | Léiríonn an méadú ar cheangaltais íocaíochtaí taighde deireanacha le hinstitiúidí tríú leibhéal faoi Ghradaim Thaighde Griffith, céim 1 (2007-2015). |
| An tSuirbhéireacht Náisiúnta ar Ghrinneall na Farraige | 1,973 | Tiomantais bhreise don mhapáil eischósta mar chuid de mhaoiniú €15 milliún do Chlár INFOMAR (Mapáil Náisiúnta Mhuirí) don tréimhse 2014 go 2018. |

| Tionscadal | Méid an mhéadaithe €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Tellus | 5,146 | Ceangaltais sa bhreis de bharr forbairt bhreise mar chlár náisiúnta, rud atá ag cabhrú le tuilleadh sonraí geoifisiceacha ar eitilt a fháil sa cheantar ó Lár Tíre go dtí an Cósta Thoir. |

**2.9 Feabhsúchán Talún**

**Suíomh Mhianach Abhóca**

Tá €3 mhilliún leithdháilte ag an Rialtas chun dul i ngleic le ceisteanna riachtanacha sláinte agus sábháilteachta ag suíomh mhianach Abhóca thar thréimhse trí bliana ó 2014 go 2016. Ceapadh foireann ildisciplíneach, trí chreat-chomhaontú soláthraí aonair, i mí na Nollag 2013 ar feadh trí bliana chun sainseirbhísí deartha, soláthair agus bainistithe tionscadail a sholáthar chun an tionscadal seo, a théann i ngleic leis na hoibreacha tosaíochta sláinte poiblí agus sábháilteachta, a mhaoirsiú. I gcaitheamh 2015, cuireadh clúdach ar roinnt sloc le go mbeidís sábháilte agus lorgaíodh agus fuarthas cead pleanála ó Chomhairle Contae Chill Mhantáin i leith an phríomhchuid den obair faoin gconradh. €0.32 milliún an costas iomlán in 2015. Cuireadh tús leis an bpróiseas chun conraitheoir a fháil ag deireadh 2015. Ídeofar an chuid eile den leithdháileadh €3 mhilliún in 2016, rud a chuirfidh deireadh leis na hoibreacha atá á maoiniú ag an leithdháileadh seo.

**Béal Átha Gabhann**

Tugadh faoi oibreacha feabhsúcháin ar shé shuíomh mianaigh i mBéal Átha Gabhann ó 2007 go 2011 agus táthar réidh leis an tionscadal seo, a bheag nó a mhór, go dtí go mbeidh acmhainní ar fáil don chéim dheiridh. Cuireadh €0.4 milliún ar fáil do 2015 maidir le talamh a cheannach agus déileáil le teagmhais a d'fhéadfadh bheith tagtha chun cinn de thoradh na monatóireachta timpeallachta atá á déanamh go leanúnach agus atá ceaptha chun aon athruithe ar an suíomh a bhrath. Cé nach raibh an €0.4 milliún a cuireadh ar fáil ag teastáil in 2015, tá an teagmhas céanna curtha ar fáil le haghaidh 2016 agus beidh soláthar todhchaí ag teastáil chun aon chostais bhreise a d'fhéadfadh bheith ann a sheasamh.

**Monatóireacht chomhshaoil in Abhóca agus i mBéal Átha Gabhann**

€0.14 milliún an costas a bhí ar shainmhonatóireacht riachtanach in 2014, agus €0.14 milliún in 2015. Meastar gur €0.15 milliún an costas a bheidh uirthi in 2016. Meastar go mbeidh suim bhreise €0.16 milliún ag teastáil chomh maith i gcomhair gach bliana ó 2017 go 2019 maidir le monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar shuíomhanna Abhóca agus Bhéal Átha Gabhann, nó go dtí go mbainfear feabhsúchán iomlán amach.

**2.10 Dliteanas Teagmhasach**

D'fhéadfadh dliteanais airgeadais bheith ann in 2016 agus sna blianta ina dhiaidh sin, ag brath ar thorthaí caingne dlí de chuid AE nó eile atá ar siúl, ar feitheamh nó a d'fhéadfadh teacht. Ní féidir na méideanna atá i gceist a chinneadh ag an bpointe seo.

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fotheideal

| | | | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar don mheastachán | Caiteachas | | Caiteachas |
| | | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| **A** | **Cumarsáid** | | | | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | | | 4,660 | 4,025 | | 3,758 |
| A.2 | Riarachán - neamh-phá | | | 1,787 | 1,448 | | 2,107 |
| A.3 | Clár teicneolaíochta eolais agus cumarsáide [a] | | | | | | |
| | | Bunaidh | 17,935 | | | | |
| | | Forlíontach | (2,500) | 15,435 | 13,130 | | 31,770 |
| A.4 | Forbairtí Ilmheán | | | | | | |
| | | Soláthar na bliana reatha | 5,600 | | | | |
| | | Géilleadh iarchurtha | 400 | 6,000 | 5,785 | | 6,123 |
| A.5 | Sochaí eolais | | | | | | |
| | | Soláthar na bliana reatha | 4,502 | | | | |
| | | Géilleadh iarchurtha | 700 | 5,202 | 3,374 | | 2,144 |
| A.6 | Caipiteal eile (teagmhas caipitil san áireamh) | | | 500 | — | | — |
| | | | | **33,584** | **27,762** | | **45,902** |

[a] Tá san áireamh ann íocaíocht de €296,337 (ollmhéid) maidir le moill i bhfeidhmiú céimneach na bpostchód mar gheall ar an ngá atá ann le reachtaíocht chosanta sonraí a achtú.

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas maidir le Clár A €5.82 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go háirithe mar gheall ar na nithe seo thíos:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Clár teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide | 2,305 | Tharla an tearc-chaitheamh don Phlean Leathanbhanda Náisiúnta toisc nár cuireadh tús le céim sholáthair an Chláir go dtí mí na Nollag 2015 mar gheall ar mhoill riaracháin maidir le hullmhú na ndoiciméad tairisceana don chlár casta seo. |
| Sochaí faisnéise | 1,828 | Tá an scéim dhearbháin trádála ar líne éileamh-threoraithe agus léiríonn leibhéil chaiteachais an t-aga moille idir bronnadh na ndearbhán ar chomhlachtaí rafara, agus bunú fíorláithreachta trádála ar líne sula bhfuasclaítear an dearbhán. Faoi dheireadh 2015, íocadh 1,032 dearbhán amach faoin scéim náisiúnta cheana féin, agus bhí 467 tionscadal eile ar siúl, tionscadail a íocadh go luath i 2016. |
| Caipiteal eile | 500 | Tá coigilteas ann mar ní raibh an ciste teagmhais caipitil ag teastáil. |

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar don mheastachán | Caiteachas | Caiteachas |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Craoladh** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 988 | 854 | 830 |
| B.2 | Riarachán - neamh-phá | 612 | 495 | 373 |
| B.3 | Deontas do Raidió Teilifís Éireann do tháillí ceadúnais craolacháin | 185,724 | 178,499 [a] | 178,828 |
| B.4 | Íocaíocht leis An Post chun táillí ceadúnais chraolacháin a bhailiú | 12,457 | 11,609 | 11,063 |
| B.5 | Deontas i leith Theilifís na Gaeilge | 33,160 | 33,160 | 34,283 |
| B.6 | Ciste Craolacháin | 14,704 | 14,665 [a] | 14,156 |
| | | **247,645** | **239,282** | **239,533** |

[a] Bhí de thoradh ar earráid riaracháin i Mí na Nollag 2015 ró-íocaíocht don ÚCÉ ar luach €496,359 agus ganníocaíocht do RTÉ don mhéid céanna. Cuireadh an earráid ina ceart in íocaíochtaí deontais Mhí Eanáir 2016.

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas maidir le Clár B €8.36 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go háirithe mar gheall ar na nithe seo thíos:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Deontas do Raidió Teilifís Éireann do tháillí ceadúnais craolacháin | 7,225 | Tá íocaíochtaí deontais le RTÉ neodrach ó thaobh an vóta de. Bíonn siad ag brath ar ioncam ón gceadúnas teilifíse agus bhí sé sin níos ísle ná mar a bhíothas ag súil. |
| Íocaíocht leis An Post chun táillí ceadúnais craolacháin a bhailiú | 848 | Tá na híocaíochtaí seo neodrach ó thaobh an vóta de agus tá siad bunaithe ar ioncam ó dhíol ceadúnas teilifíse; bhí an t-ioncam sin níos ísle ná mar a bhíothas ag súil. |

| | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar don mheastachán | | Caiteachas | Caiteachas |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **C** | **Fuinneamh** | | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | | 4,557 | 3,937 | 4,021 |
| C.2 | Riarachán - neamh-phá | | 2,162 | 1,752 | 1,456 |
| C.3 | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann – riarachán agus costais ghinearálta | | 7,000 | 6,771 | 6,996 |
| C.4 | Cláir fuinnimh inbhuanaithe (teoranta d'airgead tirim) | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 50,300 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,501 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 3,500 | 56,301 | 56,004 | 63,802 |
| C.5 | Cláir um thaighde ar fhuinneamh (teoranta d'airgead tirim) | | 9,061 | 7,184 | 10,021 |
| C.7 | Seirbhísí gáis | | 32 | 32 | 31 |
| C.8 | Íocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | | 240 | 171 | 150 |
| | | | **79,353** | **75,851** | **86,477** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas maidir le Clár C €3.5 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go háirithe mar gheall ar na nithe seo thíos:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Cláir um taighde ar fhuinneamh (teoranta d'airgead tirim) | 1,877 | D'eascair tearc-chaitheamh mar gheall ar chaiteachas a bhí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis sna cláir seo a leanas a mhaoinítear faoin mbeart seo- tionscadal Westwave BSL (€877,000), an Dréachtphlean Bithfhuinnimh agus dearadh na Scéime Dreasachta um Theas In-athnuaite (€644,000). |

| | | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar don mheastachán** | **Caiteachas** | | **Caiteachas** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | | **€000** |
| **D** | **Acmhainní Nádúrtha** | | | | | |
| D.1 | Riarachán - pá | | 6,451 | 5,572 | | 5,361 |
| D.2 | Riarachán - neamh-phá | | 3,159 | 2,631 | | 2,193 |
| D.3 | Seirbhísí peitriliam | | | | | |
| | *Bunaidh* | 641 | | | | |
| | *Forlíontach* | 4,000 | 4,641 | 4,509 | | 374 |
| D.4 | Seirbhísí mianadóireachta | | 3,585 | 917 | | 1,302 |
| D.5 | Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | | 9,524 | 8,554 | | 572 |
| D.6 | Suirbhé Ordanáis na hÉireann | | 7,415 | 7,000 | | 7,315 |
| D.7 | Íocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | | 135 | 132 | | 120 |
| | Tionscnaimh gheo-eolaíochta | | — | — | | 4,336 |
| | An tSuirbhéireacht Náisiúnta ar Ghrinneall na Farraige | | — | — | | 3,048 |
| | | | **34,910** | **29,315** | | **24,621** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas maidir le Clár D €5.6 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go háirithe mar gheall ar na nithe seo thíos:

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Seirbhísí peitriliam | 132 | I mí na Nollag 2015 lorg RCFAN meastachán forlíontach, rud a deonadh, i dtaca le Fo-cheannteideal D3, Seirbhísí Peitriliam (nóta tagartha 7.1), chun an t-athinfheistiú a éascú trí mheicníocht PIP-EOSG de €4 milliún ag eascairt i 2015 ó fháltais díolacháin sonraí peitriliam. |
| Seirbhísí mianadóireachta | 2,668 | Coigilteas mar gheall ar na rudaí seo a leanas: (1) Ráta na hastarraingthe ag na comhlachtaí mianadóireachta a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil, agus moill ó thaobh cúrsaí dlí de chun éilimh neamhréitithe a réiteach; (2) Moill nach rabhthas ag súil léi ar thionscadal feabhsúcháin mhianaigh Abhóca de bharr an riachtanais ceadanna pleanála a fháil. |
| Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | 970 | Coigilteas mar gheall ar mhoill i gcur i gcrích chéim 2015 de thionscadal taighde Tellus faoi anailísí agus coigiltis gheoiceimiceacha ar Dhámhachtain Taighde Uí Ghríofa. |
| Suirbhéireacht Ordanáis Éireann | 415 | Coigilteas mar gheall ar íocaíochtaí bliantúla níos lú ar ghníomhaíochtaí neamhthráchtála ná mar a bhí sa bhuiséad i dtosach. |

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar don mheastachán** | **Caiteachas** | **Caiteachas** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **E** | **Iascaigh Intíre** | | | |
| E.1 | Riarachán - pá | 894 | 773 | 852 |
| E.2 | Riarachán - neamhphá | 422 | 343 | 320 |
| E.3 | Iascaigh Intíre | 26,343 | 26,636 | 27,038 |
| | | **27,659** | **27,752** | **28,210** |

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí i gcabhair** | | | | **2015** | | **2014** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais ó fhíneálacha de bharr choireanna iascaireachta | | | 50 | 25 | 19 |
| 2. | Fáltais faoin Acht Forbartha Mianraí 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliam agus Mianraí Eile, 1960. | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 11,455 | | | |
| | | Forlíontach | 4,000 | 15,455 | 14,787 | 9,400 |
| 3. | Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam | | | 437 | 297 | 297 |
| 4. | Táillí ceadúnais chraolacháin | | | 222,130 | 214,018 | 213,293 |
| 5. | Ioncam ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | | | 550 | 595 | 1,081 |
| 6. | Cíos ar áitribh an Ard-oifig an Phoist | | | 223 | 350 | 78 |
| 7. | Ilghnéitheach | | | 1,323 | 1,732 | 1,870 |
| 8. | Ranníocaíocht phinsin ó na gníomhaireachtaí | | | 1,084 | 1,102 | 961 |
| 9. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | | | 4,165 | 3,746 | 3,797 |
| | **Iomlán** | | | **245,417** | **236,652** | **230,796** |

| **Ilghnéitheach** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Costais a fuarthas ar ais ó chomhlachtaí eile | 79 | 519 |
| Próiseas fíoraithe na Coiribe | 744 | 260 |
| Dleachtanna maidir le Líonraí Achar Cathrach | 864 | 1,055 |
| Eile | 45 | 36 |
| **Iomlán** | **1,732** | **1,870** |

**Míniú ar dhifríochtaí suntasacha**

Tá míniú thíos i gcás gach fotheideal nuair ba mhó ná €100,000 agus ná 5% an difríocht idir an tsuim a measadh agus an toradh.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais faoin Acht Forbairte Mineárál, 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile, 1960 | 668 | Baineann an méadú ioncaim le fáltas suimeanna gan íoc i dtaca le díolacháin sonraí pheitriliam (nóta tagartha, fo-cheannteideal D3). |
| An Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam | 140 | Bhí na fáltais níos lú ná mar a bhíothas ag súil mar gheall ar níos lú ranníocaíochtaí leis an nGrúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam. |
| Cíos ar áitribh in Ard-Oifig an Phoist | (127) | Ioncam níos airde ná mar a bhíothas ag súil toisc gur bhain cuid den chíos a fuarthas le 2014. |
| Ilghnéitheach | (409) | Léiríonn fáltais níos airde na costais bhreise a bhain le hiniúchadh fíorúcháin thionscadal ghásscheantar na Coiribe a thabhairt chun críche. |
| Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 419 | Ioncam níos lú ná mar a bhíothas ag súil toisc gur cuireadh earcaíocht bhreise bheartaithe siar go dtí 2016. |

**4.2 Fáltais sa bhreis iníoctha leis an Státchiste**

| | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | 8 | 131 |
| Aisíocaíochtaí ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann | — | 135 |
| Aistrithe go dtí an Státchiste | (8) | (258) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | — | 8 |

# 5 Líon na bhFostaithe agus Pá

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Líon na mball foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | | |
| Roinn | 250 | 245 |
| Gníomhaireachtaí | 859 | 849 |
| | 1,109 | 1,094 |

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Tuarastal | 33,774 | 33,938 |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 263 | 343 |
| Liúntais eile | 1,309 | 1,285 |
| Ragobair | 90 | 142 |
| ÁSPC an fhostóra | 2,832 | 2,853 |
| **Pá iomlán** | **38,268** | **38,561** |

Tagraíonn na socruithe íocaíochta do ghné an phá d'Fhotheidil A1, A4, B1, C1, C3, D1, E1 agus E3.

**5.1 Roinn**

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Tuarastal | 14,167 | 13,822 |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 82 | 128 |
| Liúntais eile | 50 | 48 |
| Ragobair | 24 | 24 |
| ÁSPC an fhostóra | 837 | 800 |
| **Pá iomlán** | **15,160** | **14,822** |

**Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon daoine a fuair | Líon daoine a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht is mó le duine amháin | Íocaíocht is mó le duine amháin |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2015** | **2014** |
| | | | **€** | **€** |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 7 | 3 | 21,406 | 22,498 |
| Liúntais eile | 25 | — | 7,357 | 5,574 |
| Ragobair | 10 | — | 7,435 | 8,049 |
| An líon daoine a fuair luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 3 | 1 | 11,304 | 11,372 |

**5.2 Gníomhaireachtaí**

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Tuarastal | 19,607 | 20,116 |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 181 | 215 |
| Liúntais eile | 1,259 | 1,237 |
| Ragobair | 66 | 118 |
| ÁSPC an fhostóra | 1,995 | 2,053 |
| **Pá iomlán** | **23,108** | **23,739** |

**Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon daoine a fuair | Líon daoine a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht is mó le duine amháin | Íocaíocht is mó le duine amháin |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2015** | **2014** |
| | | | **€** | **€** |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 31 | — | 7,118 | 17,089 |
| Liúntais eile | 291 | — | 8,351 | 6,535 |
| Ragobair | 13 | 1 | 12,000 | 17,637 |
| An líon daoine a fuair luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 10 | 1 | 12,000 | 17,637 |

Is iad Iascach Intíre Éireann, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach agus Gníomhaireacht na Lochanna na príomhghníomhaireachtaí atá san áireamh thuas.

Tá suimeanna airgid neamh-Vótáilte san áireamh sna figiúirí i Nóta 5 agus i Nóta 5.2 agus rinneadh amhlaidh d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Ciorclán 17/2013).

**5.3 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair**

Athfhostaíodh cúigear oibrithe earnála poiblí atá ag fáil pinsin earnála poiblí ar bhonn conartha ag costas iomlán de €273,000.

**5.4 Ró-íocaíochtaí Párolla**

Ba ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €22,966 (11 chás) (2014: €14,055, 5 gcás). As é sin tá pleananna téarnaimh i bhfeidhm maidir le €2,151 (2 chás).

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ón AE

Áirítear leis an toradh a thaispeántar faoi Fhotheidil A.3, C.4, D.5 agus E.3 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí a chomh-mhaoinítear ón AE. Mar seo a leanas a bhí na meastacháin ar chaiteachas agus an fíorchaiteachas:

| | | | | 2015 Meastachán | 2015 Caiteachas | 2014 Caiteachas |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.3 | Clár Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 17,935 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,500) | 15,435 | 13,130 | 31,770 |
| C.4 | Cláir Fuinnimh Inbhuanaithe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 50,300 | | | |
| | | *tabhairt suas a iarchur* | 3,500 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,501 | 56,301 | 56,004 | 63,802 |
| D.5 | Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | | | 9,524 | 8,554 | 7,956 |
| E.3 | Iascaigh Intíre | | | 23,343 | 26,636 | 27,038 |
| | | | | 104,603 | 104,324 | 130,566 |

### 6.2 Coistí agus Coimisiúin

Íocadh €23,643 maidir le costais éagsúla a tharla de bharr an Roinn a bheith páirteach i mBinse Fiosraithe Moriarty. Is é €2.07 milliún iomlán na n-íocaíochtaí atá déanta go dtí seo.

### 6.3 Costais Dlí

| | Líon na gcásanna | Costais dlí íoctha ag an Roinn | Costais dlí bronnta | Cúiteamh bronnta | 2015 Iomlán | 2014 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ón bpobal** | 1 | — | 15 | — | 15 | 9 |
| | | — | 15 | — | 15 | 9 |

### 6.4 Tabhairt ar Aghaidh go 2016

Faoi fhorálacha Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, €5.25 milliún den chion airgid i leith na ngnéithe caipitil d'Fhotheidil A.3, A.5, A.6 agus C.5 nár caitheadh tugadh anonn go 2016.

**6.5 Díscríobh**

Díscríobhadh an tsuim seo a leanas le linn na bliana:

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna cuntas fionraí maidir le fiachas stairiúil | — | 16 |

# 7 Cuntais Ilghnéitheacha

**7.1 Ciste an Chláir Bonneagair Peitriliam**

Ráiteas ar fháltais agus ar íocaíochtaí Chiste an Chláir Bonneagair Peitriliam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | 5,205 | 8,138 |
| Fáltais | 4,357 | 279 |
| Íocaíochtaí | (2,021) | (3,212) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | 7,541 | 5,205 |

Bunaíodh an Clár Bonneagair Peitriliam (CBP) in 1997 agus tá sé maoinithe ag cuideachtaí ola a bhfuil ceadúnas le haghaidh taiscéalaíocht amach ón gcósta acu a d'eisigh an Rannóg Gnóthaí Peitriliam. Tá sé mar aidhm aige taiscéalaíocht agus gníomhaíochtaí forbartha hidreacarbóin a chur chun cinn trí struchtúir tacaíochta áitiúla a láidriú, maoiniú ar bhailiú sonraí taighde agus taighde 'bunaithe ar an talamh' i limistéir amach ó chósta na hÉireann agus soláthraíonn sé fóram comhoibrithe i measc lucht taiscéalaíochta agus taighdeoirí. Taifeadtar fáltais maidir leis an gCiste CBP mar leithreasaí i gcabhair agus íoctar isteach sa chiste iad trí mheán Fhotheideal D.3.

I Mí na Nollag 2015, d'iarr an Roinn meastachán forlíontach, a deonadh uirthi, maidir le Fo-cheannteideal D3 Seirbhísí Peitriliam chun an t-athinfheistiú a éascú trí mheicníocht PIP-EOSG den tsuim de €4 mhilliún ag eascairt i 2015 ó fháltais díolacháin sonraí peitriliam.

Déanann Rannóg Gnóthaí Peitriliam na Roinne riar ar an gciste.

**7.2 An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh**

Ráiteas ar fháltais agus ar íocaíochtaí an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | 33,903 | — |
| Fáltais | — | 35,000 |
| Infheistíochtaí | (2,093) | (1,097) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | 31,810 | 33,903 |

Bunaíodh an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh in 2014 faoi fhorálacha i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (an Scéim Oibleagáidí um Éifeachtúlacht Fuinnimh) 2014 (IR 131 de 2014). Is iad na cuspóirí a bhaineann leis an gCiste (a) tacú le seachadadh clár feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh agus beart eile éifeachtúlachta fuinnimh, agus (b) forbairt margaidh do bhearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn. Chuir an Rialtas €35 milliún ar fáil ó chiste an ioncaim ón tobhach carbóin don Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh agus tá sé meáite ar an méid sin a infheistiú i gCiste Infheisteora Cháilithigh arna údarú agus arna rialú ag Banc Ceannais na hÉireann. Tá maoiniú ann ón earnáil phríobháideach arb ionann é agus maoiniú an Stáit. Tá ionadaíocht ag an Aire, mar aon le hinfheisteoirí eile, ar choiste comhairleach infheistíochta agus faigheann gach scairshealbhóir tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais eatramhacha ar fheidhmíocht an Chiste Infheisteora Cháilithigh.

Is é costas iomlán na hinfheistíochta do 2014 agus do 2015 ná €3.19 milliún.

Ag 31 Márta 2015, ba é luach measta margaidh an chiste ná €2,305,667. Ag an bpointe sin, ba leis an Aire 49% den scairshealbhú iomlán sa chiste.